AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# SE17

***Iarratas ar chomhshó ó Societas Europaea atá cláraithe in Éirinn chuig cuideachta phoiblí theoranta faoi Rialacháin na bliana 2007***

Airteagal 66 de Rialachán 2157/2001 ón gComhairle

Uimhir na Cuideachta

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Stampa dáta faighe CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm an SE éireannach**
*ina iomláine/ nóta a haon*

Leis seo, déanann

iarratas ar a chomhshó ina chuideachta phoiblí theoranta ("cpt") faoi Acht na gCuideachtaí, leis an ainm

**Ainm an Cuideachta Phoiblí Teoranta nua**
*nóta a dó*

**Ríomhphost na cuideachta**

*Ainmnigh seoladh ríomhphoist le do thoil. Seolfar an deimhniú corpraithe chuig an seoladh ríomhphoist sin i bhformáid leictreonach. Tá an fhaisnéis sin de dhíth.*

**Doiciméid atá ceangailte**
*Nóta a trí*

**Dearbhaigh le do thoil go bhfuil gach ceann de na doiciméid seo a leanas i gceangal leis an bhfoirm seo:**

- ☐ Gnáthrún ag ceadú dréacht-reachtanna agus dréacht-téarmaí i dtaobh an SE thuasainmnithe a chomhshó ina CPT de bhun Airteagal 66(6) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle
- ☐ Rún speisialta ar athrú ainm
- ☐ Cóip nó cóipeanna de dheimhniú nó deimhnithe saineolaí nó saineolaithe de bhun Airteagal 66(5) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle
- ☐ Reachtanna an CPT arna nglacadh de bhun Airteagal 66(6) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle

**Mionsonraí an deontóra**
*nóta a ceathair*

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

**Dearbhú**

*Nóta a cúig*

**Dearbhaím** *ainm i gcló trom* ____________________

**den** *seoladh cónaitheach* ____________________

**go sollúnta agus go fíreanta gur** ☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí *nóta a sé*

mé, stiúrthóir den chuideachta thuasainmnithe, gurb amhlaidh ar

ar Lá [ ][ ] Mí [ ][ ] Bliain [ ][ ][ ][ ]

gur rith an chuideachta rún speisialta gur chóir an chuideachta a chomhshó ina cuideachta phoiblí theoranta agus gur comhlíonadh na coinníollacha atá luaite in Airteagal 66 de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle

**Dearbhaím freisin go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe go hiomlán agus go cruinn**

Síniú an dearbhóra ainm mar atá ar bharr an leathanaigh

____________________

an ______________ lá de ________________ 20 ______

## NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM SE17
**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.**

***Ginearálta*** Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú. Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin.

Má mheastar nach leor an spás atá ar fáil ar Fhoirm SE17, ba chóir an fhaisnéis a thabhairt ar bhileog leantach san fhormáid chéanna agus atá sa mhír ábhartha den fhoirm. Má bhaintear úsáid as bileog leantach, ní mór é sin a chur in iúl sa mhír ábhartha.

***nóta a haon*** Ní fhéadfar cinneadh a ghlacadh i dtaobh SE a chomhshó ina chuideachta phoiblí theoranta ach amháin sa chás ina bhfuil dhá bhliain caite ó rinneadh é a chlárú mar SE nó sa chás ina bhfuil an chéad dá shraith ráiteas airgeadais bhliantúla ceadaithe.

***nóta a dó*** Ní mór an t-ainm beartaithe a shonrú ina iomláine agus ní mór go mbeadh sé díreach mar an gcéanna leis an ainm CPT atá tugtha sna doiciméid atá ag gabháil leis. Toisc gur athrú ainm atá i gceist, tabhair faoi deara go bhfuil rún speisialta ag teastáil de bhun alt 30 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus nach mór don chláraitheoir an t-ainm nua a cheadú

***nóta a trí*** Ní mór gach taisce atá de dhíth a bheith i gceangal leis an bhFoirm SE17.

***nóta a ceathair*** Bíonn ar an duine a thugann an Fhoirm SE17 go dtí an CRO an mír seo a chomhlíonadh. Is féidir leis an iarrthóir é seo a dhéanamh nó is féidir le duine eile é seo a dhéanamh ar a s(h)on.

***nóta a cúig*** Is ionann an dearbhú agus dearbhú gur comhlíonadh na ceanglais dlí go léir a bhaineann leis an gcomhshó ó SE atá cláraithe in Éirinn go dtí CPT atá cláraithe in Éirinn. Toisc go ndeimhnítear sa dearbhú go bhfuil gach ceanglas eile curtha i gcrích, ní mór é a shíniú tar éis an fhoirm a chomhlánú ina iomláine, agus ní mór nach luaithe an dáta dearbhaithe ná dátaí na sínithe eile atá le feiceáil ar dhoiciméid a ghabhann léi.

***nóta a sé*** Cuir tic sa bhosca cuí.

**Tuilleadh faisnéise**

**Seoladh CRO** Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

**Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.**

**Íocaíocht** Má bhíonn tú ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a bheith ag teacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Déan staidéar le do thoil ar na nótaí míniúcháin ar an gcéad leathanach eile. Foirm SE17 nach bhfuil críochnaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí nó na táillí cearta ag dul leis cuirfidh an CRO ar ais í chuig an té a sheol í.**

**TÁ FAISNÉIS BHREISE MAIDIR LE FOIRM SE17 A CHRÍOCHNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FHORORDAITHE, A FHÁIL FÉACH www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPPHOST info@cro.ie**